Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2023
(OR. en)

9226/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0396(COD)**

**ENV 493
MI 407
AGRI 244
FOOD 34
ENT 103
IND 249
CONSOM 172
COMPET 451
CODEC 871**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht: Gnéithe sábháilteachta bia agus cur amú bia<br>*- Faisnéis ón Uachtaránacht*<br>*- Malartú tuairimí* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an doiciméad cúlra ón Uachtaránacht ina bhfuil ceisteanna do na hAirí le haghaidh malartú tuairimí maidir leis an ábhar thuasluaite ag an gcruinniú den Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach) an 30 Bealtaine 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Rialachán maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht: Gnéithe sábháilteachta bia agus cur amú bia**

**- Doiciméad cúlra ón Uachtaránacht**

Sula gcaitear é faoi dheireadh, bíonn bia i dteagmháil le go leor ábhar agus earraí nuair a dhéantar é a tháirgeadh, a phróiseáil, a stóráil, a ullmhú agus a chur ar an mbord. I measc na n-ábhar agus na n-earraí sin tá pacáistiú agus coimeádáin bia, innealra chun bia a phróiseáil, agus earraí cistine agus earraí boird.

Cé go bhfuil méadú tagtha ar rátaí athchúrsála san Aontas, tá an méid dramhaíola a ghintear ó phacáistíocht ag dul i méid níos tapúla ná an méid athchúrsála a dhéantar. Le 10 mbliana anuas, is mó ná 20 % an méadú a tháinig ar an méid dramhaíola ó phacáistíocht, agus meastar go dtiocfaidh méadú 19 % breise air idir seo agus 2030 mura ndéanfar aon ghníomhaíocht. I gcás dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach, meastar go mbeidh méadú 46 % ann faoi 2030. Bíonn tuilleadh iarmhairtí comhshaoil ag an méadú ar dhramhaíl ó phacáistíocht, lena n-áirítear úsáid mhéadaithe neamhéifeachtúil acmhainní, tionchair dhiúltacha aeráide, bruscar, ró-úsáid substaintí ar díol imní iad i bpacáistíocht agus méadú as cuimse ar na dúshláin a bhaineann le bainistiú dramhaíola, lena n-áirítear athchúrsáil ar cháilíocht íseal agus úsáid iomarcach á baint as líonadh talún, loscadh agus onnmhairiú ag deireadh na saolré. Ag an am céanna, trí dhramhaíl ó phacáistíocht a laghdú agus athchúrsáil a mhéadú, cabhraítear le spleáchas an Aontais ar allmhairiú amhábhar agus breoslaí iontaise a laghdú, nuálaíocht a spreagadh agus borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch, agus caiteachas tí neamhriachtanach a laghdú.

Meastar gurb é EUR 370 billiún an láimhdeachas iomlán a bhaineann le táirgeadh pacáistíochta agus bainistiú dramhaíola ó phacáistíocht san Aontas. Dá bhrí sin, tá ról agus acmhainneacht shuntasach ag claochlú earnáil na pacáistíochta agus na dramhaíola ó phacáistíocht chun geilleagar glan inbhuanaithe ciorclach a dhéanamh den Eoraip, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. Ag eascairt as plean gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le geilleagar ciorclach, leag an Chomhairle amach, sna conclúidí uaithi an 4 Deireadh Fómhair 2019 (12791/19), *inter alia*, gur cheart an phacáistíocht phlaisteach uile a chuirtear ar an margadh san Aontas a bheith in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte faoi 2030, agus gur cheart an acmhainneacht sórtála agus athchúrsála pacáistíochta san Aontas a mhéadú faoi cheathair, agus d’iarr sí ar an gCoimisiún bearta breise a dhéanamh.

An 30 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht. Is é is aidhm don togra giniúint dramhaíola ó phacáistíocht a chosc, borradh a chur faoi athchúrsáil ardcháilíochta, agus margadh le haghaidh amhábhar tánaisteach a chruthú, agus faisnéis do thomhaltóirí á héascú agus deiseanna nua gnó á gcruthú ag an am céanna.

An 5 Nollaig 2022, chuir an Mheitheal um an gComhshaol tús leis an scrúdú ar an togra agus ar a mheasúnú tionchair, mar a sannadh di. An 16 Márta 2023, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle Comhshaoil maidir leis an uaillmhian fhoriomlán do chóras nua pacáistíochta agus maidir le dramhaíl a chosc.

Tá ról ríthábhachtach ag pacáistíocht bhia agus dí maidir le táirgí a chosaint agus a chaomhnú do thomhaltóirí. Chun ardleibhéal sábháilteachta bia a áirithiú, ní mór do gach ábhar a bhíonn i dteagmháil le bia Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 maidir le hábhair agus earraí atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia nuair a chuirtear ar an margadh Eorpach iad a chomhlíonadh. Tá ábharthacht ar leith ag baint le Rialachán (AE) 2022/1616 maidir le maidir le FCM plaisteach athchúrsáilte, lena gceadaítear PET a athchúrsáil go meicniúil agus teicneolaíochtaí athchúrsála núíosacha a fhorbairt le haghaidh plaistigh eile.

Tá sé i gceist leis an Rialachán atá beartaithe maidir le Pacáistíocht agus agus Dramhaíl ó Phacáistíocht ardleibhéal cosanta comhshaoil a áirithiú sa mhargadh inmheánach agus ardleibhéal sábháilteachta agus sláinteachais bia a chothabháil ag an am céanna, gan difear a dhéanamh do bheartais chun cur amú bia a laghdú. Is é túsphointe gach beart a rinneadh leis an an Rialachán atá beartaithe maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht cloí le caighdeáin sábháilteachta bia agus comhoiriúnacht le cuspóir an Aontais Eorpaigh cur amú bia a laghdú. Ós rud é go mbeidh tionchar ag an Rialachán atá beartaithe ar earnáil an bhia agus na dí, i gcás inar gá oiriúnú i dtreo níos mó inbhuanaitheachta, ní mór an t-oiriúnú sin a bheith comhsheasmhach le reachtaíocht eile de chuid an Aontais.

Agus an tslándáil bia agus an tsábháilteacht á meabhrú mar bhunchlocha chóras bia an Aontais, cuirtear béim freisin ar an inbhuanaitheacht sa Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' mar phríomhchuspóir. Tá sé i gceist leis an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' tacú le modhanna inbhuanaithe táirgthe bia, roghanna bia sláintiúla a dhéanamh éasca do thomhaltóirí, agus úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní nádúrtha agus truailliú laghdaithe a chur chun cinn.

Gné eile agus cuid lárnach de phlean gníomhaíochta na Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' is ea an t-athbhreithniú a bhfuiltear ag súil leis ar an Treoir Réime maidir le Dramhaíl (AE) 2008/98/CE. Táthar ag súil go molfaidh an Coimisiún bearta breise chun cur amú bia a chosc in am trátha.

Measann an Uachtaránacht go bhfuil an rialachán atá beartaithe maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht an-tábhachtach. Ós ábhar trasnach agus casta fós é, tá sé an-tábhachtach fós go bhfuil sé comhleanúnach éifeachtúil ó thaobh an dlí de go ndéantar earnálacha na pacáistíochta agus na dramhaíola, slabhra thionscal an bhia, sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí chomh maith le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a chuíchóiriú.

**Chun struchtúr a chur ar an bplé ag an gcruinniú den Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 30 Bealtaine 2023, molann an Uachtaránacht go ndíreofar ar ghnéithe a bhaineann le sábháilteacht bia agus le cur amú bia. Is díol sásaimh don Uachtaránacht freisin achoimre tosaigh ón gCoimisiún maidir leis na príomhréimsí sa dréacht-Rialachán, atá ábhartha d'earnáil an bhia agus na dí.**

Molann an Uachtaránacht an dá cheist seo a leanas:

1. I bhfianaise aidhm an togra dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú go suntasach, an bhfuil gnéithe ann a mheasann tú a bheith riachtanach chun sábháilteacht bia agus caighdeáin sláinteachais a áirithiú, agus chun feidhmiú an mhargaidh aonair a áirithiú? Maidir leis an ngá atá le laghdú suntasach a dhéanamh ar chur amú bia, cad iad na tosca ba cheart a thabhairt chun suntais?

2. Conas is féidir athúsáid, athlíonadh agus athchúrsáil a úsáid mar bhearta éifeachtacha chun dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú agus ciorclaíocht na dramhaíola sin a mhéadú, agus caighdeáin sábháilteachta bia agus sláinteachais bia á n-áirithiú ag an am céanna, agus cad é an bealach iomchuí chun idirghníomhaíochtaí agus sineirgí idir an togra thuas agus reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais a láimhseáil?